Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

Foirm Iontrála

Ainm na Scoile:

Ainm an Mhúinteora/Tuismitheora:

Uimhir Rolla:

Seoladh Ríomhphoist Teagmhála:

Rang/Leibhéal:

Uimhir Theagmhála:

Teideal an Tionscadail	Ainm an Iarrthóra / na nIarrthóirí

Tá na téarmaí agus coinníollacha léite agam agus glacaim leo ❑

Ba mhaith liom a bheith san iomaíocht do Ghradam Mhúinteoir na Bliana ❑

Toilím le húsáid aon cheann de na híomhánna nó le haon chuid den saothar a chuirtear isteach chun críche oideachais agus/nó poiblíochta ❑

Síniú

**Tabhair faoi deara: ní fhéadfar na hiontrálacha seo a chuimsiú inár n-irisí más rud é nach gcuirtear tic i ngach ceann de na boscaí thuas.*

Oifig Tionscadail Ghradaim Chúnamh Éireann,
ár nDomhan
94 Sráid Bhagóid
Baile Átha Cliath
D02 XN82

Ba cheart an iontráil a sheoladh isteach ar ríomhphost chuig **ourworld@realnation.ie** nó sa phost chuig an seoladh ar dheis

Téarmaí agus Coinníollacha an Tionscadail

1. Ní fhéadfaidh Cúnamh Éireann ná Real Nation freagracht a ghlacadh as iontrálacha a chailltear, a ndéantar damáiste dóibh ná a bhíonn deireanach. Ní hionann cruthúnas poist agus cruthúnas go bhfuarthas an iontráil.
2. Ach iontráil a chur isteach ar an gcomórtas, aithníonn agus toilíonn an t-iarrthóir go bhféadfaí an iontráil agus aon íomhánna a bhaineann léi a chuimsiú in iris ar líne agus/nó a atáirgeadh agus a chraoladh (go hiomlán nó i bpáirt) ar na meáin chumarsáide agus ar na meáin shóisialta chun críocha éagsúla poiblíochta agus/nó oideachais.
3. Is ríthábhachtach an rud é gur obair bhunaidh na ndaltaí é gach tionscadal agus nach ndéanfar an t-iomlán nó cuid di a bhradaíl. Ní mór gur leis na daltaí féin an saothar a chuirtear isteach, ach féadfaidh múinteoir cúnamh nó treoir a thabhairt dóibh.
4. Ach a ainm a chur leis an bhfoirm seo, glacann an múinteoir/caomhnóir freagracht as toiliú a áirithiú maidir le scaipeadh nó le húsáid aon iontrálacha agus/nó íomhánna arna gcur isteach mar atá léirithe anseo.
5. Ní mór do gach duine a bhíonn ag obair ar thionscadal a bheith cláraithe mar dhaltaí i mBunscoil nó i Scoil Speisialta, agus ní mór dóibh a bheith idir 8 mbliana agus 13 bliana d'aois (idir 7 mbliana agus 18 mbliana i Scoileanna Speisialta). Cuirimid fáilte roimh iontrálacha ó Scoileanna Speisialta, agus cuirfidh na moltóirí san áireamh gur iontrálacha ó Scoileanna Speisialta atá i gceist.
6. Féadfaidh scoileanna níos mó ná aon iontráil amháin a chur isteach. Déan cinnte go bhfuil foirm iontrála chomhlánaithe ar a bhfuil síniú an mhúinteora nó an chaomhnóra ag gabháil le gach aon iontráil.
7. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarrthóirí ar an ngearrliosta cruthúnas aoise a thabhairt agus barántúlacht a dtionscadail a dheimhniú.
8. Forchoimeádann Cúnamh Éireann agus Real Nation an ceart acu féin iontrálacha a leasú de réir mar is gá chun cruinneas a áirithiú agus chun cloí le riachtanais maidir le formáidiú agus/nó comhsheasmhacht chun críocha priontála/poiblíochta/craolacháin.
9. Ní sheolfaidh na moltóirí ná an t-eagras urraíochta aon chomhfhreagras maidir le cinntí na moltóirí i leith gach iontrála comórtais; agus is cinneadh deiridh é cinneadh na moltóirí i leith gradaim náisiúnta.
10. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar bhuaiteoirí gradaim a bheith páirteach in imeachtaí poiblíochta.
11. Ní thairgfear airgead ná eile mar mhalairt ar iomlán na duaise ná cuid di.
12. Forchoimeádann Cúnamh Éireann agus Real Nation an ceart acu féin aon chuid de na rialacha agus rialacháin seo a leasú de réir mar a éilítear é gan fógra a thabhairt roimh ré; is féidir cóipeanna den fhoirm seo a íoslódáil ónár láithreán gréasáin.
13. Ní sheolfar iontrálacha ar ais in imthosca ar bith.
14. Cuirtear líon mór iontrálacha isteach ar na Gradaim gach bliain agus, mar thoradh air sin, ní fhéadfar aiseolas a chur ar fáil ar iontrálacha ar leith.
15. Bronnfar Gradam Mhúinteoir na Bliana ar aon mhúinteoir amháin. Tabharfar cuireadh don mhúinteoir sin a bheith ina (h)ambasadóir do na Gradaim agus beidh sé/sí ina (h)urlabhraí poiblí/piara ar chlár don chéad bhliain eile. Níl cead ag fostaithe, conraitheoirí ná daoine a bhfuil baint dhíreach nó ghairmiúil acu le fostaithe Real Nation nó Cúnamh Éireann a bheith páirteach sna gradaim seo.
16. Is é Real Nation tionscnóir na ngradam seo agus ba cheart gach comhfhreagras a bhaineann leo a chur chuig an seoladh a leanas:

Oifig Tionscadail Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan
94 Sráid Bhagóid
Baile Átha Cliath
D02 XN82 **Ríomhphost: ourworld@realnation.ie**

Aontaíonn gach iarrthóir cloí le rialacha an chomórtais; beidh an iontráil atá i gceist neamhbhailí más amhlaidh nach gcomhlíonann aon iarrthóir aon cheann de na rialacha nó gach riail.

Déan teagmháil le hOifig Tionscadail Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, ag 01 522 4834 chun tuilleadh tacaíochta agus comhairle a fháil.

* Coinneoidh Oifig Tionscadail Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, an t-eolas a thugtar chomh fada is a mhairfidh an clár. Déan teagmháil lenár n-oifig tionscadail ag 01 522 483 má bhíonn ceist nó deacracht ar bith agat. Le linn na bliana, seans go ndéanfaimid teagmháil leat faoi chlár Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan. Cuir tic sa bhosca seo ❑ mura dteastaíonn uait go ndéanfaimid teagmháil leat. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé go gciallódh sé sin nach bhfaigheadh do scoil eolas tábhachtach faoin gclár. Stórálfar faisnéis go cúramach agus gheofar réidh leis i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.